


# Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 2021 - 2023

An Roinn Cosanta
Department of Defence

Óglaigh
na hÉireann
DEFENCE FORCES IRELAND

gov.ie/defence

## An tAire Cosanta

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise seo i mo cháil mar Aire Cosanta. Cuireann an Ráiteas creatlach straitéiseach ar fáil don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann sa chéad trí bliana eile. Rinneadh freagairt leanúnach agus tiomanta ar na dúshláin a chuir COVID-19 roimh an Eagraíocht Chosanta. Chuaigh an fhreagairt sin go mór chun tairbhe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus codanna eile den Stát atá ag dul i ngleic leis an bpaindéim seo ó lá go lá. Tá an Ráiteas Straitéise seo á fhoilsiú ag tráth an-tábhachtach don Eagraíocht Chosanta: tá an Coimisiún maidir le hÓglaigh na hÉireann á bhunú agus déanfar Athbhreithniú ar Chumas Eagraíochta na Roinne Cosanta go luath. Mar sin, táthar ag súil leis go ndéanfar athbhreithniú meántéarma ar an Ráiteas Straitéise seo. Ar an iomlán, soláthraíonn an Ráiteas Straitéise clár oibre dúshlánach atá ag teacht le tábhacht na cosanta don fholláine náisiúnta. Táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth i gcomhar leis an Ard-Rúnaí, an Ceann Foirne agus a bpearsanra faoi seach, idir shibhialta agus mhíleata, a mbeidh a n-iarrachtaí le chéile ag teastáil chun an sprioc ardleibhéil Cosanta a bhaint amach.






*Simon Coveney*
*An tAire Cosanta*

## Ard-Rúnaí agus Ceann Foirne


Cuirtear fáilte mhór roimh cheadú an Ráitis Straitéise seo. Leagtar amach ann creatlach straitéiseach le haghaidh obair na hEagraíochta Cosanta, is é sin an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, don chéad trí bliana eile. Tá struchtúr uathúil sibhialta-míleata ag an Roinn. Tá na craobhacha míleata agus sibhialta araon freagrach as an Straitéis seo a chur i bhfeidhm ach obair a dhéanamh le chéile ar bhealach comhtháite chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta Straitéiseach maoirseachta ar an bhfeidhmiú, coiste ar a bhfuilimid féin agus ár bhfoirne bainistíochta faoi seach. Déanann an cur chuige sibhialta-míleata éascaíocht ar phróisis pleanála gnó san Eagraíocht Chosanta agus, dá bharr sin, tá dearcadh coiteann ann maidir leis na haidhmeanna, cuspóirí agus gníomhartha a aithnítear sa Ráiteas Straitéise seo. Beimid ag breathnú taobh amuigh den eagraíocht agus déanfaimid forbairt an t-am ar fad. Mar gheall ar an mbéim shoiléir sin, cinnteofar go leanfar de riachtanais an Rialtais i dtaca le cosaint a chomhlíonadh thar na róil ar fad atá sannta. Táimid ag tnúth le torthaí an Choimisiúin maidir le hÓglaigh na hÉireann agus torthaí an Athbhreithnithe ar Chumas Eagraíochta na Roinne.





*Jacqui McCrum*
*Ard-Rúnaí*





*Leas-Aimiréal Mark Mellett DSM*
*Ceann Foirne*

## Réamhrá

Clúdaíonn an Ráiteas Straitéise seo an ghné shibhialta agus an ghné mhíleata den Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann, agus leagtar amach inti sprioc ardleibhéil choiteann:

Soláthar a dhéanamh le haghaidh chosaint mhíleata an Stáit, rannchuidiú le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach ról eile a shannann an Rialtas di a chomhlíonadh.

Clúdaíonn an sprioc ardleibhéil sin trí ghné straitéiseacha leathana:

- Beartas cosanta;
- A chinntiú go bhfuil an acmhainn seachadta ann; agus
- Aschuir oibríochta Óglaigh na hÉireann.

Faoi gach gné straitéiseach, aithnítear spriocanna straitéiseacha le chéile leis na cuspóirí agus gníomhartha tosaíochta a bheidh againn le linn na tréimhse 2021 go 2023.

Agus an straitéis seo á forbairt, chuathas i gcomhairle leis an bhfoireann san Eagraíocht Chosanta[1], Cumainn Ionadaíocha Óglaigh na hÉireann, an Comhchoiste Oireachtais maidir le Gnóthaí Eachtracha agus Cosaint agus Ranna Rialtais eile.

## Sainordú




Dílsíonn Bunreacht na hÉireann an ceart le fórsaí míleata nó armtha a shlógadh agus a choinneáil don Oireachtas amháin agus cuirtear cosc go sainráite le haon fhórsa míleata nó armtha eile a shlógadh agus a choinneáil chun aon chríche ar bith. Dílsíonn sé ardcheannas Óglaigh na hÉireann don Uachtarán agus déantar soláthar leis freisin go mbeidh feidhmiú an cheannais sin á rialú ag an dlí. Tá an reachtaíocht rialaitheach sna hAchtanna Cosanta 1954-2015. Déantar soláthar leo go bhfeidhmeoidh an Rialtas ceannas míleata Óglaigh na hÉireann, agus na cumhachtaí feidhmiúcháin agus riaracháin ar fad a bhaineann le hÓglaigh na hÉireann, lena n-áirítear an chumhacht chun ceannas agus údarás a tharmligean, tríd an Aire agus ag an Aire. De réir an dlí, is é an tAire Cosanta ceann na Roinne Cosanta agus is é an tArd-Rúnaí "príomhoifigeach" na Roinne agus ceaptar é/í freisin mar an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an chaiteachais cosanta ar fad ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann (CCÓÉ) an ghné mhíleata d'Óglaigh na hÉireann, a bhfuil an Ceann Foirne i gceannas uirthi, arb é príomhchomhairleoir míleata an Aire freisin.

[1]Sa Ráiteas Straitéise seo, déanann an Eagraíocht Chosanta tagairt don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann.

## Anailís Timpeallachta agus Comhthéacs Beartais

### *Páipéar Bán maidir le Cosaint*[2]




Tá an creat beartais cosanta go dtí 2025 leagtha amach sa Pháipéar Bán maidir le Cosaint, agus d'fhaomh an Rialtas é in Iúil 2015. Déantar soláthar leis an gcreat beartais seo go leanfaidh Éire ar aghaidh lena beartas neodrachta míleata, go mbeidh sí solúbtha agus freagrúil i bhfianaise nádúr dinimiciúil na timpeallachta slándála agus go gcuirfidh sí ar chumas Óglaigh na hÉireann a bheith freagrúil do chúinsí atá ag athrú. Chomh maith le soláthar a dhéanamh chun an Stát a chosaint ar ionsaí armtha, tá gá ann freisin Cabhair don Chumhacht Shibhialta agus Cúnamh don Údarás Sibhialta a sholáthar. Áirítear leis sin tacaíochtaí a chur ar fáil don Gharda Síochána, a bhfuil an phríomhfhreagracht air as dlí agus ord, cosaint a dhéanamh ar shlándáil inmheánach an Stáit san áireamh. Anuas air sin, tá an rannchuidiú cosanta le síochán agus slándáil idirnáisiúnta, páirt a ghlacadh i dtacaíocht síochána, bainistíocht géarchéime agus oibríochtaí faoisimh dhaonnúil ilnáisiúnta chun tacú leis na Náisiúin Aontaithe (NA) agus faoi shainordú NA, misin réigiúnacha slándála a údaraíonn na NA. Is príomhghné an Pháipéir Bháin é an measúnú ar an timpeallacht slándála gheopholaitiúil agus intíre a sholáthraíonn an bunús leis an bhfreagairt beartais cosanta agus leis na riachtanais bheartais eile atá leagtha amach. Dá réir sin, tugadh na riachtanais sin le chéile mar róil leasaithe do na Buan-Óglaigh agus do na hÓglaigh Cúltaca. Nuashonraíodh an measúnú ar thimpeallacht slándála in 2019 mar chuid de Nuashonrú an Pháipéir Bháin (féach an nóta thíos).

Leagtar amach sa Pháipéar Bán freisin na príomhphrionsabail maidir le forbairt cumais, forbairt na nÓglach Cúltaca agus na Cosanta Sibhialta, agus leagtar béim láidir ar fhorbairt na n-acmhainní daonna san Eagraíocht. Pléitear feidhmiú an Pháipéir Bháin freisin. Ó foilsíodh é, aithníodh 95 tionscadal ar leith lena dtosú i rith tréimhse 10 mbliana agus bunaíodh Foireann Éascaíochta chomhpháirteach shibhialta-mhíleata um Fheidhmiú an Pháipéir Bháin chun tacú leis na tionscadail Páipéir Bháin seo a chur chun cinn agus le monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá dul chun cinn gníomhach á dhéanamh ar na tionscadail sin agus foilseofar tuarascáil sheachtrach ar dhul chun cinn go luath in 2021.

### *Páipéar Bán maidir le Cosaint Eolas is Déanaí ó 2019*[3]

Sa Pháipéar Bán 2015, chinn an Rialtas le timthriall seasta nua le haghaidh athbhreithnithe cosanta a bhunú; ba é an chéad cheann díobh sin an nuashonrú ar an bPáipéar Bán a d'fhaomh an Rialtas i Nollaig 2019. Mar chuid den nuashonrú sin, rinneadh an measúnú ar an timpeallacht slándála a leasú agus cinneadh nár tháinig athrú ar bith ar leibhéal comhiomlán na bagartha ar bhealach a bheadh ina chúis le leibhéal comhiomlán na bagartha a ardú. Measadh go bhfuil bagairtí cibearshlándála agus spiaireachta ag ardú agus go bhfuil an timpeallacht dhomhanda pholaitíochta níos casta agus níos neamhchinnte anois. Pléitear athruithe ó fhoilsiú Pháipéar Bán 2015 freisin, saincheisteanna acmhainní daonna, feidhmiú na ngealltanas a rinneadh sa Pháipéar Bán agus forbairtí cumais san áireamh. Is é an chéad chéim eile de thimthriall sheasta na n-athbhreithnithe ná Athbhreithniú Straitéiseach ar Chosaint.

[2] https://www.gov.ie/en/policy-information/bee90a-white-paper-on-defence/
[3] https://www.gov.ie/en/publication/a519cf-white-paper-on-defence-update-2019/

## An Clár Rialtais 2020 – Ár dTodhchaí Chomhroinnte

Tá roinnt gealltanas a bhaineann le cosaint sa Chlár Rialtais a comhaontaíodh i Meitheamh 2020 (féach Aguisín A). Déantar soláthar le príomhghealltanas go mbunófar Coimisiún neamhspleách maidir le hÓglaigh na hÉireann. Tá raon leathan saineolais ag an gCoimisiún, a bunaíodh i Nollaig 2020. Cuireadh de chúram air tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar Óglaigh na hÉireann i gcomhréir leis na Téarmaí Tagartha a d'fhaomh an Rialtas (Aguisín B).

I measc na ngníomhartha breise sa Chlár Rialtais, a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir leo ar leithligh don Choimisiún, tá gealltanas a bhaineann le baill ar scor, an Institiúid um Thacaíocht agus Ceannaireacht Slándála, rochtain ar chúram sláinte do phearsanra liostáilte agus an tAcht um Eagrú Ama Oibre a fheidhmiú.

## Tuarascáil an Choimisiúin um Pá na Seirbhíse Poiblí

D'fhoilsigh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí a tuarascáil maidir le hearcaíocht agus coinneáil foirne sa Bhuanfhórsa Cosanta. Ghlac an Rialtas go hiomlán leis an tuarascáil agus chun éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú, cheadaigh an Rialtas plean ardleibhéil cuimsitheach dar teideal "Ár bhFórsa Cosanta a Neartú – Céim a hAon". Tá dul chun cinn gníomhach á dhéanamh ar na tionscadail sin agus foilseofar tuarascáil sheachtrach ar dhul chun cinn go luath in 2021.

## Maoiniú Cosanta

Cuirtear maoiniú Cosanta ar fáil ar bhonn bliantúil trí mheán dhá leithdháileadh ar leith: Vóta 35 (Pinsin Airm) agus Vóta 36 (Cosaint).

Déanann an Vóta Pinsean Airm soláthar do shochair phinsin a íoc le pearsanra míleata ar scor agus le cleithiúnaithe ábhartha. Is Vóta neamhroghnach atá faoi stiúir éilimh é. Is ionann sochair aoisliúntais – pinsin scoir agus cnapshuimeanna aonuaire – agus os cionn 95% den chaiteachas ar fad ar phinsin míleata. Caitear an chuid eile ar phinsin mhíchumais mhíleata agus ar shochair choimhdeacha eile. B'ionann an leithdháileadh Vóta 35 comhlán don bhliain 2020 agus €259m agus is ionann an leithdháileadh buiséid don bhliain 2021 agus €262m.

Déanann an Vóta Cosanta soláthar do chaiteachas caipitil agus caiteachas reatha. B'ionann an leithdháileadh comhlán don bhliain 2020 agus €781m agus is ionann an leithdháileadh buiséid don bhliain 2021 agus €810m. Is ionann an soláthar Cosanta i bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2018-2022 agus €541m. Glacfaidh an Roinn páirt iomlán san athbhreithniú ar an PFN in 2021. Baintear úsáid as sciar caipitiúil Vóta 36 le haghaidh trealamh míleata a cheannach agus a uasghrádú, le haghaidh oibreacha riachtanacha tógála agus cothabhála agus le haghaidh tionscadail TFC.

## Nuálaíocht

Agus forbairt á déanamh ar an staidéar indéantachta a cuireadh i gcrích i Meán Fómhair 2020 maidir le cumas Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (TTN) a fhorbairt don Eagraíocht Chosanta, leanfar cur chuige céimneach chun an tAonad TTN Cosanta sibhialta-míleata a bhunú, rud a dhéanfaidh cinnte go mbeidh rochtain ag an Eagraíocht Chosanta ar thaighde, teicneolaíocht agus nuálaíocht d'fhonn cumais a fhorbairt.

## An Clár Oibre Digiteach



I gcomparáid le go leor Ranna nó Oifigí a sholáthraíonn seirbhísí go díreach do shaoránaigh aonair, ní bhíonn an Eagraíocht Chosanta ag plé leis an bpobal go díreach chomh minic sin. Ach leag an Eagraíocht Chosanta béim ar a bonneagar TFC a nuachóiriú, agus a gnó á chur i gcrích aici, chun córais éifeachtacha agus daingne a chur ar fáil lena riachtanais ghnó a shásamh. Leanfaidh sí ar aghaidh é sin a dhéanamh trí mheán próiseas infheistíochta spriocdhírithe ar aon dul le straitéis dhigiteach an Rialtais. Leanfaidh sí freisin de pháirt a ghlacadh i agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh seirbhíse comhroinnte, lena n-áirítear comhoibriú méadaithe le Príomhoifigeach Faisnéis Oifig an Rialtais. Is féidir le gach ball foirne sa Roinn Cosanta cianobair a dhéanamh anois. Cuireann sé sin le hathléimneacht na heagraíochta agus déanann sé éascaíocht ar chianobair éifeachtach, mar is gá.

## An Oifig Pleanála Éigeandála

Is é Tascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála an leibhéal is airde sa struchtúr. Tugann sé treoir beartais, comhordaíonn sé gníomhaíochtaí pleanála éigeandála sna Ranna Rialtais agus údaráis phoiblí ar fad, agus déanann sé maoirseacht orthu. Cuireann sé an úsáid is fearr is féidir as acmhainní agus comhoiriúnacht chun cinn thar na riachtanais phleanála éagsúla. Déanann an tAire Cosanta cathaoirleacht ar Thascfhórsa an Rialtais. I measc chomhaltaí an Tascfhórsa, tá Airí, oifigigh shinsearacha na Ranna Rialtais, oifigigh shinsearacha Óglaigh na hÉireann agus an Gharda Síochána agus oifigigh sna príomhúdaráis phoiblí eile a bhfuil ról ceannaireachta nó ról tacaíochta acu i bPleanáil Éigeandála an Rialtais. Tá príomhról tacaíochta ag an Oifig Pleanála Éigeandála do Thascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála. Tá sé cuntasach don Aire Cosanta as pleanáil éigeandála a chomhordú agus as maoirseacht a dhéanamh air. Tá an phríomhfhreagracht as feidhmeanna sonracha pleanála éigeandála ar na Ranna Rialtais ábhartha an t-am ar fad. Nuair a tharlaíonn éigeandáil, cuirtear an plean éigeandála cuí i bhfeidhm. Téann an Roinn ábhartha i gceannas ar an gcur i bhfeidhm le tacaíocht ón Oifig Pleanála Éigeandála agus na Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais eile ar fad.

Leanfaidh an Oifig Pleanála Éigeandála de thacaíocht a thabhairt don Aire Cosanta ina ról mar Chathaoirleach ar Thascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála agus, más cuí, leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt le linn éigeandálaí/géarchéimeanna do phríomh-Ranna Rialtais agus de pháirt a ghlacadh i gcleachtaí struchtúrtha idirghníomhaireachta.

## Cosaint Shibhialta

Is eagraíocht atá bunaithe ar shaorálaithe é an Chosaint Shibhialta a thacaíonn le Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (cosúil le húdaráis áitiúla, an Garda Síochána agus FSS) chun aghaidh a thabhairt le raon leathan imeachtaí éigeandála agus imeachtaí nach éigeandálaí iad. Tá sé de chúram ar Chraobh na Cosanta Sibhialta an Chosaint Shibhialta a bhainistiú agus a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta. Chomh maith leis sin, déileálann Craobh na Cosanta Sibhialta le roinnt réimsí oibre eile thar ceann na Roinne: An tAonad Tacaíochta Pobail - iarrataí ar chúnamh neamh-mhíleata ó Óglaigh na hÉireann ag imeachtaí pobail; Craobh na Cosanta Sibhialta atá freagrach as Plean Leanúnachais Gnó na Roinne a chomhordú; feidhmíonn Craobh na Cosanta Sibhialta mar an príomhphointe teagmhálá don Roinn le Cumann Croise Deirge na hÉireann.



Leanfaidh an Roinn Cosanta, ar aon dul leis an doiciméad beartais “Cosaint Shibhialta – I dTreo 2030”, de thacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na Cosanta Sibhialta in imeachtaí údaráis áitiúil, agus de thacaíocht na Cosanta Sibhialta a thabhairt ar bhonn leanúnach, faoin gCreat Bainistíochta Móréigeandála thar raon teagmhas éigeandála.

## Obair thrasghearrthach le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile

Tá gnéithe tras-rannacha ag baint le hobair na hEagraíochta Cosanta. Tá ionchuir agus comhoibriú na Ranna agus na nGníomhaireachtaí Rialtais fíorthábhachtach chun go mbeimid ábalta ár spriocanna agus cuspóirí a chomhlíonadh. Ar an mbealach céanna, bíonn rath a n-oibre féin ag brath ar ionchuir agus comhoibriú na hEagraíochta Cosanta. Tá ionadaíocht á déanamh ar oifigigh na Roinne agus ar Óglaigh na hÉireann ar roinnt grúpaí agus coistí idir-rannacha a scrúdaíonn raon saincheisteanna trasghearrthacha a théann i bhfeidhm ar an Rialtas. Leagtar amach roinnt de na caidrimh thrasghearrthacha thíos.

Léiríonn an Páipéar Bán tábhacht na gcur chuige uile-Rialtais i leith shlándáil an Stáit. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Roinn Cosanta de bheith ag obair i gcomhar le raon Ranna agus Gníomhaireachtaí ar a bhfuil freagrachtaí slándála. Áirítear le caidrimh den chineál sin caidrimh faoi scáth an Choiste Náisiúnta Slándála agus Thascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála. Cuireann leibhéal níos airde comhoibrithe ó thaobh pleanála, feasacht cumais agus cleachtas comhpháirteach le cur chuige níos láidre agus níos cumasaí i leith bagairtí slándála ar an Stát a mhaolú. Le bunú Ionad Náisiúnta um Anailís Slándála, beachtófar agus múnlófar an ailtireacht slándála náisiúnta a thuilleadh, chomh maith le cuir chuige amach anseo ar fud an rialtais i leith measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht slándála, i gcomhthéacs an timthrialla seasta nua le haghaidh athbhreithnithe cosanta san áireamh.

Is príomhpháirtí straitéiseach na hEagraíochta Cosanta í an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Leanfaimid d’oibriú go dlúth agus go héifeachtach leis an Roinn maidir le coimeád síochána na NA; beartas slándála idirnáisiúnta; dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm; agus forbairt inbhuanaithe. Tacóidh an Eagraíocht Chosanta le huaillmhianta “Éire Dhomhanda 2025” agus fásfaidh an méid a dhéanann Éire i dtíortha thar lear. Leanfaidh an Eagraíocht Chosanta de rannchuidiú le haidhmeanna agus spriocanna ábhartha maidir le forbairt inbhuanaithe a fheidhmiú, mar a leagtar amach i gClár Oibre maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2030. Leanfaidh an Eagraíocht Chosanta freisin de rannchuidiú le grúpaí idir-rannacha a dhíríonn ar Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm tríd an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Mná, Síocháin agus Slándáil de chuid na hÉireann.

Faoin straitéis fiontraíochta Chosanta, oibríonn an Eagraíocht Chosanta le Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun deiseanna a lorg le comhoibriú le hearnáil tionsclaíochta na hÉireann agus saol acadúil na hÉireann, go háirithe tar éis cláir mhaoinithe Cosanta AE a bheith ar fáil le déanaí agus tionscnaimh tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

Tá an príomhról ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le cibearshlándáil agus tá an Eagraíocht Chosanta tiomanta d’obair a dhéanamh chun tacú le bearta a chur i ngníomh chun feabhas a chur ar chibearshlándáil an Stáit, mar a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála a foilsíodh i Nollaig 2019. Glacann an Eagraíocht Chosanta páirt sa Ghrúpa Feidhmithe Cibearshlándála idir-rannach, chomh maith le grúpaí eile a thacaíonn leis an Straitéis seo a sholáthar. Faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, tá socruithe ar bun anois chun go bhfaigheann baill foirne taithí san Ionad Barr Feabhais um Chibearchosaint i dTaillinn na hEastóine.

Ó thaobh soláthair de, leanann an Eagraíocht Chosanta de scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht comhoibrithe fheabhsaithe amach anseo maidir le comhghníomhaíochtaí soláthair de chuid na Comhairle Catagóire Cosanta, a fheidhmíonn faoi choimirce na hOifige um Sholáthar Rialtais agus a ndéanann an Roinn Cosanta cathaoirleacht air agus ar a bhfuil pearsanra atá freagrach as soláthar ón nGarda Síochána agus ó Sheirbhísí Phríosúin na hÉireann.

Leanfaidh an Roinn Cosanta de bheith ag obair le hOifig an Ard-Aighne chun a chinntiú go mbíonn bunús láidir dlí agus reachtaíochta leis an obair a chuirtear i gcrích. Déanfaidh an Eagraíocht Chosanta forbairt bhreise ar a caidreamh dearfach le hOifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.



Tá príomhról le himirt ag an Eagraíocht Chosanta sa chlár Deich mBliana na gCuimhneachán agus leanfaidh sí de bheith ag obair leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun a chinntiú go n-éiríonn leis an gclár cuimhneacháin, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i searmanais agus bainistiú a dhéanamh ar thionscadal Bhailiúchán Phinsin na Seirbhíse Míleata (1916-1923).

D'fhorbair an Eagraíocht Chosanta úsáid Meabhrán Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse a chlúdaíonn seirbhísí a sholáthraítear do raon Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais. Tá siad sainithe agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leo spriocanna aschuir d'Óglaigh na hÉireann. Leanfaidh an Roinn den chreat seo a fhorbairt, más cuí, i gcomhar le gach páirtí leasmhar.

## Idir-réiteach agus Eadráin (I&E)

Cuireann an Eagraíocht Chosanta fáilte roimh rannpháirtíocht na foirne agus a gCumann Ionadaíoch i bhforbairt agus athrú leanúnach Óglaigh na hÉireann, agus tá meas aici air sin. Cuireann Scéim Idir-réitigh agus Eadrána (I&E) Óglaigh na hÉireann raon fóram ar fáil do bhainistíocht chosanta plé le Cumainn Ionadaíocha Óglaigh na hÉireann, Cumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta agus Cumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach, i gcomhréir le scóip na hionadaíochta, faoin tionchar a bheadh ag feidhmiú an ráitis straitéise seo. Tarraingítear aird ar rannpháirtíocht an dá thaobh in athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim I&E a athbhreithniú agus a fheabhsú le ceapadh Cathaoirligh neamhspleách ar an gComhairle Eadrána go luath in 2020 agus le fógairt scéime leasaithe I&E. Cé nach bhfuil siad clúdaithe ag an scéim fhoirmiúil I&E, rinneadh soláthar d'ionadaíocht a dhéanamh ar bhaill de na hÓglaigh Cúltaca leis Cumann Ionadaíoch na nÓglach Cúltaca. Chomh maith leis sin, idirghníomhaíonn an Roinn le Cumann Altranaí agus Ban Cabhrach na hÉireann a dhéanann ionadaíocht ar Sheirbhís Altranais an Airm. Meastar go raibh rannpháirtíocht leanúnach na bhfostaithe agus caidreamh dearfach idir bainistíocht Chosanta agus ionadaithe fostaithe ina chuid thábhachtach d'fheidhmiú an leasaithe.

## Iarshaighdiúirí



Aithníonn an Páipéar Bán maidir le Cosaint an tseirbhís phoiblí luachmhar a thug iarshaighdiúirí Óglaigh na hÉireann. Chuige sin, cuirtear raon seirbhísí ar fáil d'iarshaighdiúirí bunaithe ar phróiseas teagmhála rialta, agus ar fhóirdheontais bhliantúla airgeadais agus tacaíochtaí sonracha a chur ar fáil d'imeachtaí tábhachtacha cosúil le Lá na nIarshaighdiúirí agus an Feachtas ONE Fuchsia. Anuas air sin, tá gealltanas sa Chlár Rialtais chun tacaíocht a thabhairt d'ionaid a chur ar bun do bhaill Óglaigh na hÉireann atá ar scor. Déanfaidh sé sin forbairt ar raon gníomhartha lenar tugadh leibhéal níos airde maoinithe bhliantúil d'Eagraíocht Phearsanra Iarsheirbhíse Náisiúnta agus Cumann Iarshaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe, maoiniú breise do thionscadail chóiríochta agus oiliúna a fuair an Roinn trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus tacaíochtaí chun cóiríocht a fháil le haghaidh ionaid buail isteach in ionaid réadmhaoine na Roinne.

## Saincheisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais

Éilítear le hAlt 42(2) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, go gcuirtear na saincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna na Roinne Cosanta san áireamh agus an ráiteas straitéise seo á ullmhú. Tá an cur chuige i leith saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais á chur i bhfeidhm trí roinnt clár.

Ó thaobh comhionannais de, déanann na nithe seo a leanas go léir éascaíocht ar bhéim ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú in Óglaigh na hÉireann: ráiteas straitéise agus plean gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann um Éagsúlacht agus Cuimsiú; beartas Comhionannais Óglaigh na hÉireann; Clár Óglaigh na hÉireann um Luachanna i bhFeidhm; agus Plean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil.

Tá Straitéis Daoine na Roinne mar bhonn agus mar thaca ag an tacaíocht dá foireann agus tá tiomantas do chomhionannas deiseanna ag croílár na straitéise. Tacaítear le fostaithe na Roinne chun oibriú i dtimpeallacht shábháilte ionchuimsitheach trí bheartas Dínit san Ionad Oibre agus trí raon deiseanna foghlama agus forbartha, oiliúint faoi chlaontacht neamh-chomhfhios san áireamh. Tá tacaíochtaí breise ar fáil freisin tríd an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse agus Oifigeach Idirchaidrimh na Roinne do Dhaoine faoi Mhíchumas.



Tá beartais i bhfeidhm freisin chun ceart chun dínite gach duine, idir shibhialta agus mhíleata, a áirithiú ina dtimpeallacht oibre agus i ngach gníomhaíocht a bhaineann lena gcuid seirbhíse, agus tá socruithe ann le déileáil le gearáin inmheánacha agus nochtadh faisnéise faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá rochtain ag baill d'Óglaigh na hÉireann ar phróiseas reachtúil casaoide faoi alt 114 de na hAchtanna Cosanta 1954-2015. Anuas air sin, is féidir le baill Óglaigh na hÉireann gearáin a dhéanamh chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an Roinn Cosanta tiomanta dá hoibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh i dtaca le leibhéal na seirbhíse a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá an cheathrú Scéim Gaeilge curtha ar bun ag an Roinn

Cosanta i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Clúdaíonn sin an tréimhse 2017 – 2020. Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go mbíonn inrochtaineacht níos fearr agus caighdeán níos fearr seirbhísí poiblí ó thaobh na Gaeilge de. Cuirtear imeachtaí ar siúl go rialta chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa Roinn agus cuireann an Roinn oiliúint sa Ghaeilge ar fáil don fhoireann go rialta.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Leanann an Eagraíocht Chosanta de chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith gníomhaithe ar son na haeráide. Leanfaidh foirne fuinnimh réamhghníomhacha i ranna de thionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm, cosúil le gan ach soilsiú éifeachtúlachta fuinnimh a úsáid, córais téimh agus aerála a rialú níos déine, laethanta feasachta ar fhuinneamh a eagrú, amadóirí a shuiteáil ar aonaid ardfhuinnimh, agus iniúchadh, monatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar fhuinneamh. Tá léiriú freisin ar an gcur chuige sin i gClár Bonneagair Thógtha Óglaigh na hÉireann 2020 – 2025, ina ngealltar go dtabharfaidh gach tionscadal amach anseo, idir thionscadail nuathógtha agus thionscadail athchóirithe, aird ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais.

Déanann Óglaigh na hÉireann dianiarracht a bheith mar eiseamláir ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, straitéis uaillmhianach bainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus spriocanna earnála poiblí, náisiúnta agus Eorpacha a bhaineann le fuinneamh a bhaint amach. Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais mar threochlár againn chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Tá Óglaigh na hÉireann tiomanta do bhearta a fhorbairt faoin bplean gníomhaíochta sin agus roinneann siad uaillmhian Chomhaontú Glas an AE chun mór-roinn atá neodrach ó thaobh carbóin de a chruthú roimh 2050. Sna deich mbliana atá le teacht, déanfar eagraíocht ísealcharbóin den eagraíocht gan cur isteach ar aschuir eagraíochta. Forbróidh Óglaigh na hÉireann bearta ar an toirt chun tús a chur leis an athrú ó bhonn sin.

Tá Óglaigh na hÉireann fós dearbhaithe mar eagraíocht a chomhlíonann an caighdeán bainistíochta fuinnimh idirnáisiúnta ISO 50001. Tá feabhas leanúnach agus socrú agus baint amach spriocanna fuinnimh ina gcuid dhlúth den chaighdeán sin. D'fhonn spriocanna a bhaineann le fuinneamh amach anseo go dtí 2030 agus 2050 a bhaint amach, cuirfidh Óglaigh na hÉireann pleananna gníomhaíochta uaillmhianacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar úsáid fuinnimh thar speictream iomlán na n-oibríochtaí. Tá Óglaigh na hÉireann fós ag obair le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) maidir le raon tionscnamh fuinnimh.

Rinneadh dul chun cinn maidir leis na tionscnaimh sin. Go dtí seo, laghdaigh an Roinn Cosanta ídiú fuinnimh faoi 32% ó 2009 agus laghdaigh Óglaigh na hÉireann ídiú fuinnimh faoi 21% ó 2009.

## Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn

Tuairisceoidh an Coimisiún neamhspleách maidir le hÓglaigh na hÉireann don Rialtas roimh dheireadh na bliana 2021. Beidh Athbhreithniú ar Chumas Eagraíochta na Roinne ar siúl i rith 2021 mar chuid de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse de chuid an Rialtais. Tabharfaidh foireann athbhreithnithe ar chumas faoin athbhreithniú sin. Tá an fhoireann ón oifig Athchóirithe agus Seachadta atá bunaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Anuas ar na hathbhreithnithe sin, táthar ag súil leis go gcríochnófar forbairtí straitéiseacha eile a d'fhéadfadh a bheith suntasach i rith 2021, cosúil leis an staidéar ar mhaoiniú cosanta agus an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta. De bharr na bhforbairtí straitéiseacha suntasacha a aithníodh thuas a mbeidh tionchar acu ar an Eagraíocht Chosanta, beidh an ráiteas straitéise faoi réir athbhreithniú meántéarma agus déanfar é a nuashonrú chun a ábharthacht leanúnach a áirithiú.

## SPRIOC ARDLEIBHÉIL

Soláthar a dhéanamh le haghaidh chosaint mhíleata an Stáit, rannchuidiú le síochán agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach ról eile a shannann an Rialtas di a chomhlíonadh.

| Beartas Cosanta | A chinntiú go bhfuil Cumas Seachadta ann | Aschuir Oibríochta Óglaigh na hÉireann |
|---|---|---|
| 1. Comhairle thráthúil ábhartha a chur ar fáil maidir le beartas agus cúrsaí míleata<br>2. An Páipéar Bán maidir le Cosaint a chur i bhfeidhm<br>3. Rannchuidiú leis an mbeartas slándála agus cosanta náisiúnta agus idirnáisiúnta<br>4. Feabhas a chur ar chomhoibriú beartais crosghearrthach<br>5. Cinntí an Rialtais a eascraíonn as an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le hÓglaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm<br>6. Gníomhú ar son na hAeráide<br>7. Nuálaíocht<br>8. An Clár Oibre Digiteach | 1. Cumais a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu<br>2. Ár ndaoine a fhorbairt agus feabhas a chur ar phleanáil le haghaidh riachtanais Acmhainní Daonna amach anseo<br>3. Acmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus nuálach | 1. Oibríochtaí a chur i gcrích go rathúil |

## BEARTAS COSANTA

| Spriocanna Straitéiseacha | Cuspóirí agus Gníomhartha |
|---|---|
| **Comhairle thráthúil ábhartha a chur ar fáil maidir le beartas agus cúrsaí míleata** | **Comhairle thráthúil ábhartha a chur ar fáil don Aire maidir le beartas agus cúrsaí míleata**<br>▪ Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an timpeallacht chosanta agus slándála lena chinntiú go soláthraítear comhairle thráthúil ábhartha maidir le beartas agus cúrsaí míleata don Aire agus don Rialtas, lena n-áirítear comhairle maidir le slándáil, tacaíocht síochána agus forbairtí cosanta i gcoitinne.<br><br>**Freagairtí oiriúnacha maidir le haschuir chosanta a sholáthar a aithint**<br>▪ A chinntiú go n-aithnítear freagairtí cuí maidir le soláthar aschur cosanta agus go gcuirtear i bhfeidhm iad chun dul i ngleic le hathruithe ar an timpeallacht chosanta agus slándála, lena n-áireofar tionchair an Bhreatimeachta agus an fhreagairt leanúnach ar Covid-19. |
| **An Páipéar Bán maidir le Cosaint a chur i bhfeidhm** | **Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Cuspóirí an Pháipéir Bháin, tionscadail shonracha a aithnítear san áireamh**<br>▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le feidhmiú an Pháipéir Bháin ar bhonn leanúnach.<br>▪ An tAthbhreithniú Straitéiseach ar Chosaint a thosú agus a chríochnú. |
| **Rannchuidiú leis an mbeartas slándála agus cosanta náisiúnta agus idirnáisiúnta** | **Bearta a ghlacadh chun tacú le Slándáil Náisiúnta**<br>▪ Leanúint d'obair a dhéanamh le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile ar a bhfuil freagrachtaí slándála chun measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí agus chun rannchuidiú le Straitéis Náisiúnta Slándála a fhorbairt, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh san Ionad Náisiúnta um Anailís Slándála.<br><br>**Leasanna agus luachanna straitéiseacha na hÉireann a chur chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta**<br>▪ I gcomhthéacs feabhas a chur ar shlándáil, oibriú go réamhghníomhach chun leasanna náisiúnta a chur chun cinn agus leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh maidir le beartas cosanta agus slándála idirnáisiúnta a fhorbairt i bhfóraim idirnáisiúnta, in éineacht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, go háirithe maidir leis na NA, Comhbheartas Slándála agus Cosanta AE agus NATO/Comhpháirtíocht na Síochána.<br>▪ Tacaíocht agus comhairle bheartais a chur ar fáil le linn d'Éirinn a bheith ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2021-2023.<br><br>**Measúnú leanúnach ar an méid a dhéanann Éire agus an pháirt a ghlacann Éire i dtacaíocht síochána idirnáisiúnta agus oibríochtaí bainistíochta géarchéime**<br>▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar ghealltanais Óglaigh na hÉireann i leith imlonnú thar lear, ar aon dul le beartas Rialtais.<br><br>**Institiúid um Thacaíocht Slándála agus Oiliúint Ceannaireacht**<br>▪ I gcomhréir leis an bPáipéar Bán agus leis an gClár Rialtais, dul chun cinn a dhéanamh maidir le hInstitiúid nua um Thacaíocht Slándála agus Oiliúint Ceannaireacht a fhorbairt. |

| Spriocanna Straitéiseacha | Cuspóirí agus Gníomhartha |
|---|---|
| **Feabhas a chur ar chomhoibriú beartais crosghearrthach** | **Tacú le Tascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála**<br>▪ Leanúint de na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil don Aire Cosanta ina cháil mar Chathaoirleach ar Thascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála.<br>▪ I gcomhairle agus i gcomhar le Ranna eile agus le príomhúdaráis phoiblí, cuirfidh an Oifig Pleanála Éigeandála an doiciméad 'Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta' i bhfeidhm.<br>**Sineirgí a fhorbairt le ranna agus gníomhaireachtaí eile, Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse san áireamh**<br>▪ Leanfaidh an Roinn de Mheabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse a chur ar bhonn foirmiúil agus monatóireacht a dhéanamh ar a soláthar.<br><br>**Cosaint Shibhialta a Fhorbairt**<br>▪ Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Chosaint Shibhialta agus dá forbairt bunaithe ar a príomhbheartas straitéiseach "I dTreo 2030" chun tacú le Príomhghníomhaireachtaí Freagartha maidir le raon imeachtaí éigeandála agus imeachtaí nach éigeandálaí iad.<br>▪ Dul chun cinn a dhéanamh maidir le hobair na foirne treoracha idirghníomhaireachta lena chinntiú go bhforbraítear seirbhísí agus cumais na Cosanta Sibhialta de réir riachtanais na bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha faoin gCreat Bainistíochta Móréigeandála.<br><br>**Tacaíocht a thabhairt don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca leis an ngealltanas sa Chlár Rialtais maidir le comhlacht athbhreithnithe pá buan a bhunú le haghaidh an Bhuanfhórsa Cosanta.** |
| **Cinntí an Rialtais a eascraíonn as an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le hÓglaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm** | Obair a dhéanamh leis an gCoimisiún maidir le hÓglaigh na hÉireann agus tabhairt faoi ghníomhartha a eascraíonn as cinntí an Rialtais maidir le tuarascáil an Choimisiúin. |
| **Gníomhú ar son na hAeráide** | Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais a chur i bhfeidhm, a ndéanfar athbhreithniú air in 2021, agus leanúint de pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh gníomhaithe ar son na haeráide, lena n-áirítear Foirne Gníomhaíochta Fuinnimh, Feidhmeannas Sinsearach Óglaigh na hÉireann um Fhuinneamh, Grúpa Oibre na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint maidir le Fuinneamh agus Comhshaol, 'Fóram Comhairliúcháin maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe sna hEarnálacha Cosanta agus Slándála' de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, agus tionscnaimh eile. |
| **Nuálaíocht** | Aonad TTN Cosanta sibhialta-míleata a bhunú ar bhonn céimneach. |
| **An Clár Oibre Digiteach** | Bonneagar TFC Cosanta a nuachóiriú ar aon dul le straitéis dhigiteach an Rialtais. |

## A CHINNTIÚ GO BHFUIL CUMAS SEACHADTA ANN

| Spriocanna Straitéiseacha | Cuspóirí agus Gníomhartha |
|---|---|
| **Cumais a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu** | **Cumais a fhorbairt agus a choimeád maidir le róil shannta sa tír seo agus thar lear a chomhlíonadh**<br>▪ An Plean Forbartha Cumais a chur i gcrích agus aird á tabhairt do dheachleachtas idirnáisiúnta. Pléifidh an plean le forbairt foirceadail, pleanáil acmhainní daonna, leasú reachtaíochta, soláthar trealaimh, forbairt bonneagair, struchtúir eagraíochta, ceannas agus rialú ardleibhéil san áireamh, oiliúint agus forbairt oideachais.<br>▪ Fócas breise a dhíriú ar Thaighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (TTN) agus caidreamh a dhéanamh le hinstitiúidí, fiontair agus meastóireacht sheachtrach trí thionscnaimh cosúil leis an Aonad TTN, fiontraíocht Chosanta agus Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, i gcomhréir le cuspóirí an Pháipéir Bháin agus Nuashonrú an Pháipéir Bháin.<br>▪ Plean Forbartha Trealaimh 2021-26 a chur i bhfeidhm agus Plean Bonneagair 2021-26 a chur i bhfeidhm ar aon dul le PFN 2021 athbhreithnithe agus Plean Thionscadal Éireann 2040. |
| **Ár ndaoine a fhorbairt agus feabhas a chur ar phleanáil le haghaidh riachtanais Acmhainní Daonna amach anseo** | **Bearta spriocdhírithe AD a chur i bhfeidhm**<br>▪ Straitéisí AD a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn Óglaigh na hÉireann, idir an Buanfhórsa Cosanta agus na hÓglaigh Cúltaca, ag mealladh, ag traenáil, ag teagasc agus ag coinneáil pearsanra agus le leibhéal nirt Óglaigh na hÉireann a mhéadú.<br>▪ Na tionscadail atá fágtha sa Phlean Feidhmithe Ardleibhéil "Ár bhFórsaí Cosanta a Neartú – Céim a hAon" a chríochnú<br>▪ Tacú le feidhmiú éifeachtach na Scéime I&E athbhreithnithe don Bhuanfhórsa Cosanta.<br>▪ Tograí feidhmithe a fhorbairt chun an raon soláthair cúraim sláinte ar fáil do phearsanra liostáilte an Bhuanfhórsa a leathnú.<br>▪ A chinntiú go gcuirtear forálacha na Treorach um Eagrú Am Oibre i bhfeidhm ar Óglaigh na hÉireann, más cuí.<br>▪ Leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an straitéis AD agus le forbairt na Roinne, lena n-áirítear trí shocruithe Comhpháirtíochta.<br>▪ Bearta a athbhreithniú agus a fhorbairt lena chinntiú go mbíonn cur chuige straitéiseach i leith Fostaithe Sibhialtacha a earcú, a fhostú agus a choinneáil i gcomhréir le riachtanais fhadtéarmacha.<br><br>**Na gealltanais ar fad a eascraíonn as tionscnaimh athchóirithe na seirbhíse poiblí a chomhlíonadh**<br>▪ Na gníomhartha ar fad a eascraíonn as an gClár Ár Seirbhís Phoiblí 2020 agus béim ar leith a leagan ar Ghníomh 10 faoi stiúir Cosanta – Bainistíocht Cláir agus Tionscadail.<br>▪ Na haidhmeanna athchóiriú a eascraíonn as Comhaontuithe Pá na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm, mar is cuí.<br>▪ Leanúint de pháirt a ghlacadh i agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh seirbhíse comhroinnte, lena n-áirítear an próiseas chun Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais a fhorbairt agus fheidhmiú.<br><br>**Iarshaighdiúirí**<br>▪ Tacaíochtaí a chur ar fáil do chumainn iarshaighdiúirí aitheanta, lena n-áirítear tacú le hionaid bhreise a bhunú. |

| Spriocanna Straitéiseacha | Cuspóirí agus Gníomhartha |
|---|---|
| **Acmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus nuálach** | **Cloí le caighdeáin rialachais na hearnála poiblí**<br>▪ A chinntiú go gcloítear le riachtanais a bhaineann le bainistíocht airgeadais, iniúchadh, dearbhú, measúnú riosca agus soláthar agus le riachtanais eile, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí, Nósanna Imeachta Poiblí maidir le hAirgeadas agus caighdeáin rialachais, chomh maith le Nochtaí Cosanta.<br><br>**Staidéar ar mhaoiniú Cosanta a chur i gcrích**<br>▪ Staidéar sonrach a chríochnú chun na costais fhadtéarmacha a bhaineann le riachtanais chosanta na hÉireann a shásamh a oibriú amach ar bhealach nua.na hÉireann a shásamh a oibriú amach ar bhealach nua. |

## ASCHUIR OIBRÍOCHTA ÓGLAIGH NA HÉIREANN

| Spriocanna Straitéiseacha | Cuspóirí agus Gníomhartha |
|---|---|
| Oibríochtaí a chur i gcrích go rathúil | Úsáid a bhaint as cumais Óglaigh na hÉireann maidir le tacaíochtaí slándála intíre a sholáthar faoi ordú ón Rialtas agus mar fhreagairt ar iarrataí ceadaithe ar Chúnamh don Chumhacht Shibhialta ón nGarda Síochána.<br><br>Cumais Óglaigh na hÉireann a imlonnú le haghaidh tacaíocht síochána ilnáisiúnta, bainistíocht géarchéime agus oibríochtaí faoisimh dhaonnúil i gcomhréir le treoir Rialtais agus foráil reachtaíochta.<br><br>Leas a bhaint as cumais Óglaigh na hÉireann in oibríochtaí ceadaithe Cabhair don Chumhacht Shibhialta mar fhreagairt ar mhóréigeandálaí, lena n-áirítear imeachtaí adhaimsire, paindéimí srl.<br><br>I gcomhréir le spriocanna Meabhrán Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse, seirbhís cosanta iascaireachta a sholáthar chomh maith le raon tacaíochtaí leanúnacha do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile, cuardach agus tarrtháil agus seirbhísí otharchairr aeir san áireamh.<br><br>Tabhairt faoi oibríochtaí i réimsí cosúil le seirbhís iompair aeir a chur ar fáil d'Airí agus seirbhísí searmanacha a chur ar fáil thar ceann an Rialtais.<br><br>Páirt a ghlacadh sa Chomhthascfhórsa maidir le Díchumasú Drugaí. |

# AGUISÍN A

## Gealltanais a eascraíonn as an gClár Rialtais 2020

### Gealltanais faoi stiúir na Roinne Cosanta

| Cur Síos ar Ghealltanas an Chláir Rialtais | |
|---|---|
| 1 | Coimisiún neamhspleách maidir le hÓglaigh na hÉireann a bhunú. |
| 2 | Tacú le hionaid a bhunú do bhaill Óglaigh na hÉireann atá ar scor. |
| 3 | Institiúid nua um Thacaíocht Slándála agus Oiliúint Ceannaireacht a fhorbairt ar an gCurrach |
| 4 | A chinntiú go mbíonn an rochtain chéanna ag gach ball liostáilte Óglaigh na hÉireann ar chúram sláinte is atá ag oifigigh faoi láthair. |
| 5 | Déanfaidh an Rialtas cinnte de go ndéanfar gach oibríocht thar lear ar aon dul lenár neodracht míleata agus go mbeidh siad faoi réir cead a fháil faoi thrí: ó na Náisiúin Aontaithe, ón Rialtas agus ó Dháil Éireann. |
| 6 | Leanfar ar aghaidh le rannpháirtíocht na hÉireann i dtionscadail PESCO ar bhonn roghnach agus ní dhéanfar rannchuidiú ach ar bhonn go hiomlán deonach. Ceadóidh an Chomh-aireacht agus Dáil Éireann aon tionscadal a dtugtar faoi. Ní ghlacfaidh an Rialtas páirt i dtionscadail nach bhfuil ag teacht lenár mbeartas neodrachta míleata agus neamh-bhallraíocht i gcomhaontais mhíleata. |
| 7 | Ó thaobh na Saoráide Eorpaí um Shíochán de, ní ghlacfaidh Éire páirt i gcinnteoireacht nó i maoiniú a bhaineann le hairm fórsa mharfaigh chun críocha nach críocha coimeád síochána iad. |

### Gealltanais faoi shainchúram na Ranna eile agus a bhfuil ról rannpháirteach ag an Roinn Cosanta ina leith

| Cur Síos ar Ghealltanas an Chláir Rialtais | Roinn i gceannas |
|---|---|
| Tar éis chríochnú obair an Choimisiúin, bunófar comhlacht buan athbhreithnithe pá a léireoidh nádúr uathúil na seirbhíse míleata i gcomhthéacs na seirbhíse poiblí. | An Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála a chur i bhfeidhm, straitéis a aithníonn acmhainneacht agus ról tábhachtach Óglaigh na hÉireann. | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre a leasú chun Óglaigh na hÉireann a thabhairt faoi scóip a fhorálacha. | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fosaíochta |

# AGUISÍN B

## Téarmaí Tagartha don Choimisiún maidir le hÓglaigh na hÉireann

Agus aghaidh á tabhairt ar na tascanna mionsonraithe a ndéantar foráil dóibh ina Théarmaí Tagartha, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na riachtanais láithreacha fad a iarrfaidh sé fís níos fadtéarmaí a fhorbairt don tréimhse i ndiaidh 2030. Tá sé sin i gcomhthéacs na sprice Cosanta ardleibhéil, arb í sin soláthar a dhéanamh do chosaint mhíleata an Stáit, rannchuidiú le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus aon ról eile a shannann an Rialtas a chomhlíonadh. Tá sé sin ag teacht leis an gcomhthéacs ginearálta, is é sin leasanna slándála agus cosanta na hÉireann a chosaint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a chinntiú go bhfanann Óglaigh na hÉireann aclaí, solúbtha agus freagrúil agus iad ag déileáil le hathruithe dinimiciúla ar an timpeallacht slándála, bagairtí agus teicneolaíochtaí nua agus ag teacht chun cinn san áireamh (a bhaineann leis an athrú aeráide, mar shampla).

Tuigtear go bhféadfar go mbeidh gá leis an reachtaíocht a athrú chun moltaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar an leibhéal maoinithe a sholáthraíonn an Rialtas le haghaidh Cosanta agus é ag teacht ar thorthaí agus moltaí maidir le socruithe le haghaidh an tír a chosaint ar bhealach éifeachtúil.

Déanfaidh an Páipéar Bán maidir le Cosaint 2015 agus an Páipéar Bán maidir le Cosaint 2019 treoir agus eolas do na Téarmaí Tagartha seo a leanas agus do chur chuige foriomlán an Choimisiúin. Leagtar amach iontu Beartas Cosanta reatha na hÉireann, lena n-áirítear an Measúnú reatha ar Thimpeallacht Slándála, mar a leagtar amach i Nuashonrú an Pháipéir Bháin.

- Cuirfidh an Coimisiún riachtanais shonracha chosanta na hÉireann san áireamh, lena n-áirítear a gealltanas láidir idirnáisiúnta maidir le hoibríochtaí thar lear, chomh maith leis na róil ar leith atá ag Óglaigh na hÉireann sa timpeallacht slándála intíre, róil atá ag athrú i gcónaí.

- Pléifidh an Coimisiún struchtúr agus méid cuí an Bhuanfhórsa Chosanta agus na hÓglaigh Cúltaca, agus déanfaidh sé moltaí faoi sin. Clúdóidh sé sin plé faoi na cumais, struchtúir agus soláthar foirne cuí don Arm, struchtúr a bhriogáid, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh, chomh maith leis an gcothromaíocht agus an cóiriú cuí i measc pearsanra agus struchtúr thar chur chuige comhfhórsa sna réimsí talún, aeir, muirí, cibearshlándála, faisnéise agus spáis.

- Maidir leis na hÓglaigh Cúltaca, pléifidh an Coimisiún raon leathan roghanna agus déanfaidh sé moltaí chun úsáid níos fearr a bhaint as cumais na nÓglach Cúltaca ina dtacaíochtaí don Bhuanfhórsa agus chun go mbeidh sé níos tarraingtí seirbhís a dhéanamh leis na hÓglaigh Cúltaca.

- Scrúdóidh an Coimisiún na struchtúir sna hÓglaigh Cúltaca, chomh maith le hobair an tionscadail Páipéir Bháin maidir le Rialú agus Ceannas go dtí seo. Sa chomhthéacs sin, pléifidh an Coimisiún na struchtúir is oiriúnaí rialachais agus na struchtúir éifeachtacha ceannais agus rialaithe in Óglaigh na hÉireann.

- Scrúdóidh an Coimisiún forbairt na gcóras agus struchtúr luacha saothair ar fad atá i bhfeidhm in Óglaigh na hÉireann agus tabharfaidh sé aird ar a luann an Clár Rialtais maidir le Comhlacht Buan Athbhreithnithe Pá amach anseo. Nuair a chríochnaítear obair an Choimisiúin, rachaidh an tAire Cosanta i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le comhlacht buan athbhreithnithe pá a bhunú ar bhealach a léiríonn nádúr uathúil na seirbhíse míleata i gcomhthéacs na seirbhíse poiblí. Caithfear na moltaí ar fad ón gCoimisiún nó ón eagraíocht chomharba agus ní mór dá bhfeidhmiú a bheith ag teacht le beartas pá náisiúnta na hearnála poiblí.

- Leagfaidh an Coimisiún dearcadh straitéiseach amach maidir le beartais AD agus straitéisí lena mbaineann, lena n-áirítear próisis chasaoide agus plé maidir le solúbthacht struchtúrach chuí, chun go gcomhlíonfar na riachtanais cumas míleata le haghaidh Óglaigh na hÉireann atá níos aclaí agus níos solúbtha, ar bhealach atá ag teacht le sochaí nua-aimseartha agus i bhfianaise choinníollacha reatha mhargadh an tsaothair, agus i gcomhréir le beartas pá agus pearsanra na hearnála poiblí.

- Pléifidh an Coimisiún cuir chuige oiriúnacha i leith athrú agus coinneáil foirne agus déanfaidh sé moltaí fúthu chun na cumais atá ag teastáil ó fhórsa nua-aimseartha míleata a sholáthar. Tabharfaidh sé aird ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ar dheachleachtas idirnáisiúnta agus é sin á dhéanamh. Anuas air sin, molfar cuir chuige earcaíochta, lena n-áirítear roghanna gairme míleata a d'fhéadfadh fórsa atá níos éagsúla, níos cothroime ó thaobh inscne de, solúbtha agus freagrúil a chruthú, fórsa inar féidir le daoine dul ar aghaidh chun go mbeidh na struchtúir agus cóiriú molta comhlíonta.